# TEICHEOLAÍOCHT FHEIDHMEACH


JCt4 Nuachtlitir

Earrach 2023 - Eagrán 13

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## Ceardlann Roghnach an Earraigh

Tá clárú ar siúl anois do cheardlann Roghnach an Earraigh, 'A fhiosrú cén chaoi ar féidir leis an gclár ciorcad braiteora teagasc agus foghlaim sa Teicneolaíocht Fheidhmeach a fheabhsú níos mó arís'.



Beidh an seisiún roghnach duine le duine seo ar siúl i gceardlanna Teicneolaíocht Fheidhmeach i scoileanna ar fud na tíre. Is féidir sonraí gach seisiúin agus a suíomh a fháil san fhógra thall. Cliceáil ar an íomhá nó ar an nasc chun teacht ar an bhfoirm chlárúcháin.

Cláraigh anseo



Course Overview

This face-to-face workshop is designed to **support teachers who are teaching Applied Technology**. It aims to enhance their understanding of how the sensor circuit board can be used in conjunction with a relay board. Teachers will also consider planning for effective learning experiences in the context of electro-mechanical sub-systems used in project work.

| Date | Venue | Time |
|---|---|---|
| 21/02/2023 | St. Mary's CBS, Enniscorthy, Co. Wexford | 5pm - 8pm |
| 21/02/2023 | St. Attractas Community School, Tubbercurry, Sligo | 5pm - 8pm |
| 28/02/2023 | Presentation College, Athenry, Co. Galway | 5pm - 8pm |
| 02/03/2023 | Scoil Mhuire gan Smál, Blarney, Co. Cork | 5pm - 8pm |
| 08/03/2023 | Villiers School, North Circular Road, Limerick | 5pm - 8pm |
| 09/03/2023 | Wesley College, Ballinteer, Dublin | 5pm - 8pm |
| 13/03/2023 | Coláiste Choilm, Tullamore Co. Offaly | 5pm - 8pm |
| 14/03/2023 | St. Oliver's Community College, Drogheda, Co Louth | 5pm - 8pm |
| 21/03/2023 | Castleknock Community College, Diswellstown, Dublin | 5pm - 8pm |
| 28/03/2023 | St. Joesph's CBS, Fairview, Dublin 3 | 5pm - 8pm |

*Participants are required to bring their sensor circuit board to this workshop to use in conjunction with a relay board.

To register, please click on this image.
Spaces are limited to 20 teachers for each workshop.

## ... sa Nuacht!

### Liathróid rugbaí 'chliste' á húsáid den chéad uair i gcomórtas na Sé Náisiún





Is féidir leis an teicneolaíocht rianaithe liathróide cliste faisnéis fíor-ama a ghabháil ar: na hiompróirí liathróide is gasta, na pasanna is faide agus is gasta, ráta rothlaithe agus am crochta freisin.
Tá gach liathróid in-athluchtaithe agus bíonn sliseanna micrea-rianaithe iontu. Ag baint úsáid as teicneolaíocht radaimhinicíochta, déanann an liathróid cumarsáid suas le 20 uair sa tsoicind agus 10 rabhchán suite timpeall na staide. Tugann na sonraí a bhailítear ón liathróid chliste ar an toirt san fhíor-am suíomh liathróide, am crochta, luas liathróide agus rothlú laistigh de mhilleasoicindí. Is féidir leis idirdhealú a dhéanamh freisin idir an cineál cic a dhéantar.

TD'fhéadfaí an t-alt thuas agus an físeán ar an gcaoi a n-oibríonn an liathróid chliste a úsáid mar spreagthaí chun teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a dtionchar ar an tsochaí a iniúchadh.
Seo roinnt Torthaí Foghlama féideartha a dtiocfadh le scoláirí dul i ngleic leo agus an acmhainn seo in úsáid acu:

Conas a oibríonn an liathróid chliste?


**1.6** an ról agus an tionchar a bhíonn ag teicneolaíochtaí atá ann cheana agus ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn **a thuiscint**, chomh maith leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint astu

**3.8 measúnú** a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag teicneolaíochtaí ar a shaol féin, ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol



## FGL 2022/2023

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le múinteoirí uile na Teicneolaíochta Feidhmí a thug faoinár gceardlanna FGL ar líne i mí Eanáir. San iomlán, bhuail muid le 306 múinteoir as gach cearn den tír le linn ár n-imeachtaí FGL ar líne.
I rith an lae, bhí na múinteoirí ag plé le dhá acmhainn, an Clár Ciorcad Braiteora agus acmhainn na gCiorcad Leictreach. Forbraíodh na hacmhainní seo mar fhreagairt ar na riachtanais a d'aithin múinteoirí. Bhí aiseolas ó mhúinteoirí thar a bheith dearfach maidir leis na hacmhainní seo.




Tá gach ábhar tacaíochta a úsáideadh ar an lá ar fáil faoi:

Tacaí FGL sa Teicneolaíocht Fheidhmeach - Ceardlann FGL 2022/2023.

## Oide




Ar an 1 Meán Fómhair 2023, bunófar seirbhís tacaíochta nua-chomhtháite darb ainm Oide. Faoi láthair, tá ceithre sheirbhís tacaíochta oideachais múinteoirí aonair ann a sholáthraíonn réimse leathan tacaí leanúnacha don bhunscoil, don iar-bhunscoil agus do scoileanna speisialta, lena n-áirítear imeachtaí foghlaim ghairmiúil do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí. Is iad sin: An Lárionad um Cheannaireacht Scoile (LCS), an tSraith Sóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM), an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Is féidir teacht ar shuíomh gréasáin Oide anseo agus/nó Oide a leanúint ar an gcóras Giolcaireachta.

## Coinnigh i dteagmháil!

Chun coinneáil ar an eolas faoi Theicneolaíocht Fheidhmeach JCt4, cláraigh lenár liosta seoltaí agus lean muid ar an gcóras Giolcaireachta @JCt4ed.